Olltoghchán 97

TOGHCHÁN '97: Cúrsaí eacnamaíochta agus dul chun cinn

Tá coincheap an GNP ró-chúng
a deir Fionnbarra Ó Brolcháin, *Stiúrthóir Fiontar, DCU.*

I Aithnítear go forleathan go bhfuil forbairt mhór tar éis tarlú i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre seo le blianta beaga anuas. Bhí ráta fáis bliana na hOlltáirgeachta Náisiúnta (GNP) ag 8% agus 6% i 1995 agus 1996, faoi seach. Tuairiscítear go mbeidh an ráta seo thart ar 5.5% sa bhliain go ceann deich mbliana eile. Tá GNP in aghaidh an duine sa tír seo níos airde anois ná mar atá sa Ríocht Aontaithe agus sara bhfad beidh sé ag meánleibhéal thíortha an AE.

Aithnítear go forleathan ag an am céanna, go bhfuil bearna níos leithne anois idir aicmí pobail na tíre. Tá níos mó daoine faoin líne bochtanais ná mar a bhí deich mbliana ó shin, thart ar 34% i gcomparáid le 30%. Tá fadhbanna sóisialta ann anois freisin, mar shampla, leibhéal na coiriúlachta agus mí-úsáid drugaí, nach raibh chomh holc céanna nuair a bhí cúrsaí geilleagair níos measa.

Tá na páirtithe polaitíochta lánsásta a léiriú conas a roinnfidh torthaí na forbartha eacnamaíochta, mar shampla, cén aicme den bpobal a gheobhaidh an tairbhe is mó de bharr laghduithe cánach. Díríonn an PD ar an uasaicme, tríd a bplean chun an ráta is airde cánach a ísliú ó 48% go 40% fad is a chuireann FF agus FG béim ina gcuid polasaithe ar an meánaicme. Tá an DL agus Páirtí an Lucht Oibre go bunúsach ag treabhadh an ghoirt chéanna, ag cur béime faoi leith ar shlite chun fadhb na dífhostaíochta fadtéarmaí a laghdú. Tá ráitis pholasaí uilig na bpáirtithe, áfach, lán d'aidhmeanna eile chomh maith leis cinn eacnamúla. Baineann siad le cúrsaí oideachais, leighis, timpeallachta, ealaíon, agus a leithéid. Ní amháin nach luaitear aon chostas nó praghas go minic ar na haidhmeanna a bhaineann leo siúd, ach níl aon tslí shimplí, ach oiread, ag eacnamaithe, chun leas an phobail a léiriú ina dtaobh.

Is í an phríomhfhadhb atá ann ná go bhfuil coincheap an GNP róchúng. Tá an coincheap sin bunaithe go príomha ar fhealsúnacht a deir go luíonn aon ghníomhaíocht a bhfuil praghas margaidh uirthi le leas an phobail, rud nach gá a bheith fíor i ngach cás. Mar shampla, má ghlactar le loighic mar seo, bíonn an colscaradh go maith don gheilleagar de bharr go mbristear suas teaghlaigh agus go gcaitheann an bheirt pháirtí dul amach ag obair. Nó cuireann truailliú chósta na tíre le leas an phobail de bharr go bhfostaítear daoine ón bpobal chun an damáiste a ghlanadh suas arís!

Eagraíocht atá ag déanamh sáriarrachta chun slat tomhais níos oiriúnaí don tír a aimsiú is ea An Conference of Religious in Ireland (CORI). D'fhoilsigh siad staidéar le déanaí ar innéacs dar teideal An Social Progress Index (SPI). Tá an t-innéacs seo bunaithe ar 15 athróg, leithéidí, básmhaireacht naíonán, mí-úsáid páistí, féinmharú déagóirí, úsáid drugaí, páistí nach leanna lena scolaíocht, bochtanas, tionóiscí, agus mar sin de. Cé gur fhás GNP 68% ó 1977 go 1994, níor fhás an SPI, thar 1%, le linn na tréimhse céanna. N'fheadar an fianaise é seo go bhfuil an dea-mhothú a cheaptar a bheith ag an bpobal i bhfad nios ísle ná mar a cheapfá ó bheith ag éisteacht le hurlabhraithe an Rialtais.

Níl aon dabht ach go bhfuil obair le déanamh chun slat tomhais níos cuimsithí do leas an phobail a aimsiú. Dá mbeadh sé seo ann, in ionad a bheith ag tromaíocht ar a chéile, bheadh díospóireacht chuí idir an PD agus DL faoi thionchar na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh do mháithreacha singil a chónaíonn lena dtuismitheoirí. Ina theannta sin, bheadh brú ar pholaiteoirí tuiscint níos fearr a léiriú ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le polasaithe difriúla.

Cad a tharlódh dá mba ghá do pháirtí rogha a dhéanamh idir aidhm eacnamúil agus aidhm shóisialta? Bheadh orthu smaoineamh ar cén bhrí go díreach atá leis na manaí cliste atá cumtha ag a gcomhlachtaí margaíochta agus a gcuid `láimhseálaithe'- leithéid: `People before Politics' (FF), `Securing Your Future' (FG), nó `Make the Future Work' (DL). Faoi láthair, is deacair a shamhlú cén praghas atá siad sásta a íoc ar a mbunluachanna nó ar an gcineál sochaí atá uathu.

Is Fionnbarra O Brolcháin, stúirthóir FIONTAR DCU.